2019

# Tuarascáil Bhliantúil an Choiste atá Ceaptha chun Monatóireacht a dhéanamh ar Éifeachtacht an Chláir Athshtiúrtha


Biúró Athshtiúrtha Óige an Gharda Síochána

AN GARDA SÍOCHÁNA
CEARNÓG FHEARCHAIR
SRÁID FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2



*Tá cóip den tuarascáil seo le fáil ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána, www.garda.ie, agus ar shuíomh gréasáin Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig, www.iyjs.ie*

# CLÁR NA NÁBHAR

CLÁR NA NÁBHAR ........ 1

1. TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE ........ 2

2. FORLÉARGAS AR AN GCOISTE ........ 3

3. ACHOIMRE FHEIDHMEACH ........ 4

4. BIÚRÓ ATHSTIÚRADH ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA AGUS STRUCHTÚR NÁISIÚNTA ........ 6

5. FORLÉARGAS AR STAITISTICÍ AN CHLÁIR ATHSTIÚRTHA 2019 ........ 8

6. TIONSCADAIL ATHSTIÚRTHA AN GHARDA SÍOCHÁNA ........ 12

7. CEARTAS AISIRÍOCH ........ 15

8. FORBAIRT TF PULSE ........ 17

9. CLÁR ATHSTIÚRADH ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA – TIONSCNAMH 'LEANAÍ FAOI CHÚRAM' 19

10. OILIÚINT CURTHA AR FÁIL D'ÉASCAITHEOIRÍ AN CHLÁIR ATHSTIÚRTHA ........ 20

11. FORBAIRTÍ BREISE IN 2019 ........ 21

12. MOLTAÍ AN CHOISTE ........ 24

AGUISÍNÍ ........ i

AGUISÍN A: STAITISTICÍ AN CHLÁIR ATHSTIÚRTHA 2019 ........ i

AGUISÍN B: LÉARSCÁIL DE THIONSCADAIL ATHSTIÚRTHA ÓIGE AR FUD NA TÍRE ........ xiii

AGUISÍN C: LÉARSCÁIL PRÓISIS NA N-ATREORÚCHÁN CHUIG AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA ........ xiv

# 1 TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE



**A Choimisinéir, a chara,**

Is mór an pléisiúr dom mar chathaoirleach an Choiste Monatóireachta ceaptha faoi Alt 44 (1) d'Acht na Leanaí 2001 an Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2019 a chur i láthair. Thug an ról atá á chomhlíonadh agam faoi láthair deis leanúnach dom teagmháil a chothú le Coiste Alt 44, Biúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána & Páirtithe leasmhara seachtracha agus oibriú le chéile chun éifeachtacht an Chláir a mhonatóiriú & a fheabhsú.

Is uirlis ríthábhachtach coiscthe coireachta é An Clár Athstiúrtha a bhfuil creat ceartais aisiríoch ag tacú leis arb ionann é agus sócmhainn straitéiseach don Gharda Síochána. Is ionann an cur chuige seo agus deis ar leith don eagraíocht oibriú le daoine óga atá i mbun iompair ghoilliúnaigh. Baineann fíorthábhacht leis an obair seo chun tacú leis na daoine óga déileáil lena n-iompar agus cabhrú leo roghanna dearfacha a dhéanamh. I mo ról mar Chathaoirleach, is mian liom aird a tharraingt ar an obair den chéad scoth atá á déanamh ag gach duine a bhfuil baint acu le feidhmiú an Chláir Athstiúrtha ar bhonn laethúil.

Déanann an Coiste Monatóireachta monatóireacht ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha trí réimsí a bhféadfaí iad a fheabhsú a aithint agus trí mholtaí a dhéanamh lena chinntiú go leanann an Clár ag feidhmiú mar mhodh éifeachtach chun leanaí a athstiúradh ó choireacht. Tarraingítear aird sa Tuarascáil Bhliantúil ar na forbairtí a tharla i rith na bliana, aithnítear na dúshláin atá le sárú ag an gClár i láthair na huaire, agus soláthraítear staitisticí maidir le feidhmiú an Chláir in 2019. I ndiaidh monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha trínár rannpháirtíocht le BAÓGS, tá roinnt moltaí aitheanta atá le soláthar in 2020.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don Ard-Cheannfort Quinn, don Cheannfort Burke agus d'fhoireann uile Bhiúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána; do gach Oifigeach Idirchaidrimh don Óige as a dtiomantas leanúnach agus do Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána as staitisticí maidir leis an gClár Athstiúrtha le haghaidh 2019 a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil le foirne Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (TAÓGSanna), Aonad Beartais an Chláir Athstiúrtha [ABCA] agus na n-eagraíochtaí pobalbhunaithe atá freagrach as soláthar TAÓGSanna as a ndíograis agus a dtiomantas dá gcuid oibre ó lá go lá. Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le comhaltaí Choiste Monatóireachta Alt 44 as tacú le agus cur go dearfach le hobair an Choiste; an tUasal Eddie D'arcy, an tArd-Cheannfort Quinn agus an Dr. Jennifer Carroll MacNeill – ba mhór an pléisiúr a bheith ag obair le hionadaithe den chéad scoth.

**Orla McPartlin, Coimisinéir Cúnta**

## 2 FORLÉARGAS AR AN GCOISTE

Foráiltear le h**Alt 44 d'Acht na Leanaí 2001** go gceapfar coiste chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha. Seo a leanas téarmaí tagartha an choiste:

- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné d'fheidhmiú an Chláir.
- Monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais oiliúna leanúnacha na n-éascaitheoirí.
- Tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána maidir leis na gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích i rith na bliana.

**Seo a leanas na tascanna atá le cur i gcrích ag an gCoiste:**

- Scrúdú a dhéanamh ar bhainistíocht agus ar sholáthar éifeachtach an Chláir Athstiúrtha.
- Dea-chleachtais i riaradh an Chláir a aithint.
- Dea-chleachtais a aithint maidir le hoiliúint éascaitheoirí agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar oiliúna.
- Modheolaíochtaí a bhunú chun éifeachtacht an Chláir a mheas agus a thomhas.

**Seo a leanas comhaltaí reatha an Choiste:**



Tá an **Coimisinéir Cúnta Orla McPartlin** freagrach as Biúró an Gharda Síochána don Chaidreamh Pobail ina gcuimsítear punann náisiúnta Bhiúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Ceapadh í mar Chathaoirleach ar an gCoiste Monatóireachta in 2019.



Is oibrí gairmiúil don aos óg é **Eddie D'Arcy** a bhfuil breis is 35 bliain taithí aige, lena n-áirítear 15 bhliain mar bhainisteoir ar Sheirbhísí d'Aos Óg Bhaile Uí Rónáin agus 6 bliana mar Cheannasaí ar Sheirbhísí Oibre don Aos Óg le Cúram don Óige Chaitliceach. D'fhorbair sé chéad Tionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (GRAFT). I láthair na huaire, tá sé ag obair mar léachtóir le hobair don aos óg in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus oibríonn sé le Tionscadal *Compass* chomh maith, tionscadal a thacaíonn le ciontóirí óga i ndiaidh dóibh an príosún a fhágáil.



Is abhcóide í an **Dr. Jennifer Carroll MacNeill** agus bhí sí ag obair mar aturnae agus mar eolaí polaitiúil roimhe seo. Is comhúdar '*The Children Court: A National Study*' í, saothar a d'fhoilsigh An Cumann um Thaighde agus Fhorbairt Ceartais Choiriúil in 2007. Chaith sí tamall ag obair sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ceapadh í ina comhalta den Choiste Monatóireachta i nDeireadh Fómhair 2015 agus lean sí uirthi ag feidhmiú mar chomhalta go dtí gur tháinig deireadh lena tionacht i mBealtaine 2019.



Tá an t**Ard-Cheannfort Colette Quinn** freagrach as Biúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána a áirítear ann punanna Oifig an Gharda Síochána um Thionscadail Athstiúrtha don Óige agus Aoischárta an Gharda Síochána agus chuir sí tús lena ról in Eanáir 2018. Roimhe seo, idir 2007 agus 2017, bhí sí ag obair mar Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha.

# 3 ACHOIMRE FHEIDHMEACH

## FORLÉARGAS AR NA STAITISTICÍ

◆I rith 2019 rinneadh 18,567 atreorúchán óige chuig an gClár Athstiúrtha. Is ionann é seo agus méadú 12.6% i gcomparáid le 2018 tráth a raibh 16,491 atreorúchán chuig an gClár i gceist.

◆ Atreoraíodh 9,842 leanbh, méadú 15% i gcomparáid le líon na leanaí atreoraithe in 2018. Bhí 72% de na leanaí fireann agus 28% baineann.

◆Measadh go raibh 1,605 leanbh mí-oiriúnach chun páirt a ghlacadh sa Chlár in 2019, méadú 29% i gcomparáid le 2018.

◆ Fuair 7,661 leanbh rabhadh foirmiúil nó neamhfhoirmiúil in 2019, méadú 22% i gcomparáid leis an líon iomlán in 2018 – bunaithe ar an atreorúchán is déanaí faighte.

◆ Iompaíodh an treocht anuas sa líon rabhadh aisiríoch i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin, agus tugadh méadú go dtí 125 ó 72 in 2018 faoi deara.

## BIÚRÓ ATHSTIÚRADH ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA

◆ Mar fhreagairt do mholtaí déanta ag na hathbhreithnithe inmheánacha agus seachtracha ar an gClár Athstiúrtha, Ráithe 1 2019, bhí an oifig náisiúnta freagrach as atreorúcháin chuig an gClár Athstiúrtha a bhainistiú a bhí á n-athstruchtúrú agus bunaithe ag Biúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (BAÓGS). Is rannán de chuid an Gharda Síochána é BAÓGS anois atá faoi stiúir Ard-Cheannfoirt ag a bhfuil freagracht iomlán as an mBiúró agus arb ionann é agus cuid de Bhiúró an Gharda Síochána don Chaidreamh Pobail, réigiún de chuid an Gharda Síochána faoi stiúir Choimisinéir Cúnta de chuid an Gharda Síochána.

## TIONSCADAIL ATHSTIÚRTHA DON ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA (TAÓGSanna)

◆ Tá maoirseacht á déanamh ag Foireann Forbartha Dea-chleachtais (FFDC) TAÓGS ar an obair seo, agus in 2019 áiríodh i measc na hoiliúna a cuireadh ar fáil d'Oibrithe um Cheartas i leith an Aosa Óig Leibhéal Seirbhíse don Aos Óg/ Fardal Cásbhainistithe SV & 2.0, ceardlanna feabhsaithe cleachtais, Iniúchtaí agus Staidéar comhghrádaitheoirí, oiliúint i nDearadh Clár Dírithe ar Thorthaí, Ceardlanna Pleanáil don Rath (Plean Bhliantúil), agus Agallóireacht Inspreagtha & agus Oiliúint *Saol Lán Roghanna* Foróige.

◆ Chomh maith leis sin, in 2019 cuireadh tús le Samhail Oiliúna saincheaptha maidir le Cleachtas Aisiríoch do TAÓGSanna. Ba í Ollscoil Uladh a d'fhorbair é seo i gcomhpháirt le FFDC TAÓGS agus cuireadh deis ar fáil do roinnt Oibrithe um Cheartas i leith an Aosa Óig feidhmiú mar oiliúnóirí Cleachtais Aisiríoch. Déanfar an oiliúint seo a rolladh amach ar bhonn náisiúnta, faoi stiúir FFDC TAÓGS in 2020 agus beidh tacaíocht ar fáil ó Ollscoil Uladh agus Foireann Oiliúna an Chleachtais Aisiríoch.

◆ Lean FFDC TAÓGS ag obair i gcomhpháirt leis an bhfoireann Fianaise Taighde ar Chláir agus ar Chleachtas Polasaí (FTCCP) in Ollscoil Luimnigh i ndáil le Taighde Gníomhach ar TAÓGSanna agus leanfar leis an obair i gcomhpháirt de réir mar a fhorbraítear an taighde seo.

## FORBAIRT TF PULSE

In 2019, bunaíodh grúpa oibre dar teideal 'Foireann Forbartha TF PULSE' chun dlús a chur le cur chun feidhme athruithe ar phróiseas PULSE a bhaineann le hatreorúcháin chuig an gClár Athstiúrtha. Is é cuspóir an tionscadail déileáil le saincheisteanna a bhaineann leis an bpróiseas d'atreorúcháin óige atá ann faoi láthair atá sainaitheanta faoi chóras bainistíochta riosca an Bhiúró agus moltaí atá le fáil sa Tuarascáil Scrúdaithe ar Atreorúchán Óige Náisiúnta a achtú.

## CLÁR ATHSTIÚRTHA ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA - TIONSCNAMH 'LEANBH FAOI CHÚRAM'

I ndiaidh Chlár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána – an tionscnamh 'Leanbh faoi Chúram' a bhunú in 2018, leanadh leis an tionscnamh in 2019. Leanadh le cruinnithe a reáchtáil i gCo. Loch Garman ar fhreastail gach gníomhaireacht a bhfuil baint acu le tacú le leanaí i gcúram orthu agus bhí gach atreorúchán chuig an gClár Athstiúrtha do leanaí i gcúram i gCo. Loch Garman á chásbhainistiú ag BAÓGS. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh Ard-Cheannfort, BAÓGS athbhreithniú ar éifeachtacht an chláir Phíolótaigh sin ag tús 2020 agus é mar aidhm dlús a chur lena leithéid sin de nithe.

## OILIÚINT SA CHLÁR ATHSTIÚRTHA

Cuireadh na cláir oiliúna ar fáil d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige (OIÓanna) agus d'eagraíocht an Gharda Síochána trí chéile in 2019, oiliúint Ionduchtúcháin agus Scileanna Idirghabhála OIÓ san áireamh, seimineár oiliúna OIÓ agus seisiúin faisnéise agus láithreoireachtaí oiliúna maidir leis an gClár Athstiúrtha ag leibhéal réigiúnach do ghráid éagsúla de chuid an Gharda Síochána agus do Ghardaí Chéim a Trí i gColáiste an Gharda Síochána.

## SCRÚDÚ AR ATREORÚCHÁN ÓIGE NÁISIÚNTA 2018 - 2019

I Márta 2019, cuireadh scrúdú inmheánach maidir le riaradh an Chláir Athstiúrtha, ar cuireadh tús leis ag tús 2018 i ndiaidh d'Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána [in 2017] athbhreithniú tosaigh a dhéanamh ar nithe den sórt sin.

Sa Tuarascáil Scrúdaithe ar Atreorúchán Óige Náisiúnta 2019, rinneadh sraith moltaí maidir le cur chun feidhme i rith na tréimhse 2019 – 2021 faoi choimirce Phlean Gníomhaíochta Athbhreithnithe an Atreorúcháin Óige Náisiúnta, a bhí dírithe ar réimse an rialachais feabhsaithe, córas TFC saincheaptha, oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil chun na próisis riaracháin & rialachais atá i bhfeidhm i mBiúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána a fheabhsú.

## CÓRAS BAINISTÍOCHTA IMSCRÚDAITHE

Tá Córas Bainistíochta Imscrúdaithe (CBI) á bhunú faoi láthair in An Garda Síochána agus beidh Céim 1 CBI beo i Ráithe 1 2019. Is córas leictreonach é a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le bainistiú gach imscrúdú laistigh den eagraíocht agus tá sé á rolladh amach ar bhonn céimnithe san eagraíocht trí chéile. D'fhonn tacú le rannáin an Gharda Síochána atá ag feidhmiú ar an ardán, ní mór do BAÓGS páirt a ghlacadh freisin i rolladh amach CBI i ndáil leis na hatreorúcháin óige a fhaightear ó na rannáin seo. Cuireadh tús leis an obair phleanála don phróiseas seo i Ráithe 2 2019 agus bhí sé beartaithe tús a chur le CBI laistigh de BAÓGS i Ráithe 2 2020.

# 4 BIÚRÓ ATHSTIÚRADH ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA AGUS STRUCHTÚR NÁISIÚNTA

Tá oifig náisiúnta an Gharda Síochána freagrach as teagmhais atreorúcháin óige a riar, a phróiseáil agus a bhainistiú mar go mbaineann suntas leis an gClár Athstiúrtha i gcomhthéacs Bhiúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána [BAÓGS] i láthair na huaire. I Ráithe 1 2019, rinneadh an oifig náisiúnta a athstruchtúrú nuair a bunaíodh Biúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána [BAÓGS] chun teacht in áit iarcheantar an Gharda Síochána dá dtagraítear dó mar Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána.


◆Tugadh stádas rannáin de chuid an Gharda Síochána do Bhiúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána faoi stiúir Ard-Cheannfoirt ar a bhfuil freagracht iomlán as an mBiúró thuasluaite. I dteannta leis sin, ceapadh Coimisinéir Cúnta atá freagrach as Biúró an Gharda Síochána don Chaidreamh Pobail – réigiún nua de chuid an Gharda Síochána atá bunaithe. Ceapann an Coimisinéir Ard-Cheannfort de chuid an Gharda Síochána mar Stiúrthóir ar an gClár Athstiúrtha ag a bhfuil freagracht reachtúil as cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht linbh páirt a ghlacadh sa Chlár. Déantar foráil le haghaidh ról an Stiúrthóra faoi alt 20 (1) d'Acht na Leanaí 2001.

◆ Bunaíodh BAÓGS mar fhreagairt do mholtaí a rinneadh in athbhreithnithe inmheánacha agus seachtracha ar an gClár Athstiúrtha, eadhon, Tuarascáil Scrúdaithe an Gharda Síochána ar Atreorúchán Óige Náisiúnta, Tuarascáil Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (ACGGS) agus Athbhreithniú a rinne an Breitheamh Gillian Hussey (Ar scor) ar Chlár Athstiúrtha an Gharda Síochána.

◆Cuimsítear i dtéarmaí tagartha BAÓGS riaradh, comhordú, rialachas agus forbairt an Chláir Athstiúrtha bunaithe ar pheirspictíocht náisiúnta. Tá seasamh maoirseachta aige i ndáil le gach gné d'atreorúcháin óige agus tacaíonn an Clár le ceantair agus le rannáin an Gharda Síochána chun rialachas éifeachtach agus próiseáil thráthúil atreorúchán a chinntiú. Chomh maith leis sin, tacaíonn sé le líonra de 8 Sáirsint OIÓ agus 108 Garda OIÓ atá dáilte ar fud gach rannán den Gharda Síochána ar fud na tíre.

◆ Tá BAÓGS ag leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig, an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige, Foireann Forbartha Dea-chleachtais Thionscadail Athstiúrtha an Gharda Síochána, eagraíochtaí óige agus páirtithe leasmhara eile chun dea-chleachtas i réimse an cheartais i leith an aosa óig a shainaithint, a roinnt agus a chur chun cinn. Áirítear san obair seo freisin rannpháirtíocht leis an ngrúpa stiúrtha a tionóladh i mí Feabhra 2019 atá freagrach as comhairle agus treoir a sholáthar i ndáil le forbairt Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óige nua don tréimhse 2020 – 2026.

# BIÚRÓ ATHSTIÚRADH ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA AGUS STRUCHTÚR NÁISIÚNTA



5

# FORLÉARGAS AR STAITISTICÍ AN CHLÁIR ATHSTIÚRTHA 2019

## ◆ AN AIDHM ATÁ LE STAITISTICÍ MAIDIR LEIS AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA A BHAILIÚ AGUS A THUAIRISCIÚ

**Céard atá á léirmhíniú?**

- Gineann Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána sonraí maidir le hatreorúcháin chuig an gClár Athstiúrtha ó chóras PULSE an Gharda Síochána

**Cén fáth a bhfuil na sonraí seo á scrúdú?**

- Líon na n-atreorúchán chuig an gClár Athstiúrtha a thuairisciú
- Treochtaí a bhaineann le riachtanais óige a mheas
- Idirghabhálacha a theastaíonn a shainaithint

**Cén luach a bhaineann le hanailís a dhéanamh ar na sonraí seo?**

- Mionscrúdú a dhéanamh ar na staitisticí ar an gCóras PULSE, ionas gur féidir aird a tharraingt ar shaincheisteanna agus cleachtas níos fearr a chur chun cinn.

**Céard iad na príomhthreochtaí feidhmíochta?**

- Tá príomhthreochtaí feidhmíochta sainaitheanta i 3 phríomhréimse:
  - Atreorúcháin Bhliantúla
  - Leanaí Atreoraithe
  - Líon na leanaí a measadh a bhí oiriúnach nó mí-oiriúnach chun páirt a ghlacadh sa Chlár

## ◆ FORLÉARGAS AR PHRÍOMHTHREOCHTAÍ FEIDHMÍOCHTA IN 2019

**A) Atreorúcháin Bhliantúla**

- 18,567 atreorúchán in 2019
- Méadú 12.6% i gcomparáid le 2018


**B) Leanaí Atreoraithe**

- Atreoraíodh 9,842 leanbh in 2019
- Bhí 30% de na leanaí atreoraithe faoi 15 bhliain d'aois in 2019 agus bhí 29% 17 mbliana déag d'aois.

**C) Oiriúnacht chun páirt a ghlacadh sa Chlár**


- Measadh go raibh cás 1,605 leanbh mí-oiriúnach (is ionann na leanaí seo agus 6,062 de na cásanna atreoraithe in 2019)
- Méadú 29% i gcomparáid le 2018

## A) ATREORÚCHÁIN BHLIANTÚLA





◆ Rinneadh 18, 567 atreorúchán chuig an gClár Athstiúrtha in 2019 arb ionann é agus méadú 12.6% i gcomparáid leis an 16,491 atreorúchán chuig an gClár in 2018. Ainneoin gurb ionann é seo agus méadú ar an líon iomlán in 2018, tá sé ag teacht leis an meánlíon iomlán d'atreorúcháin óige de 18,674 don tréimhse idir 2014-2019 trí chéile.

## B) LEANAÍ ATREORAITHE





◆ Atreoraíodh 9,842 leanbh in 2019 arb ionann é sin agus 15% níos mó ná an 8,561 leanbh a atreoraíodh in 2018. Arís, ainneoin gur méadú suntasach é seo i gcomparáid le figiúr 2018, tá sé ag teacht leis an meánfhigiúr iomlán bliantúil de 9,683 leanbh atreoraithe don tréimhse idir 2014-2019.





**Ní gá go mbeadh sé cothrom le 100% mar thoradh ar shlánú*

◆ Bhí 50% de na leanaí atreoraithe idir 12 agus 15 bhliain d'aois agus ba leis an aoisghrúpa idir 16-17 mbliana d'aois a bhain an 50% eile de leanaí a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha.

## C) OIRIÚNACHT CHUN PÁIRT A GHLACADH SA CHLÁR ATHSTIÚRTHA



Baineann moltaí le haghaidh rabhadh neamhfhoirmiúil agus foirmiúil leis na hatreorúcháin inar measadh go raibh an leanbh oiriúnach chun páirt a ghlacadh sa Chlár. Ciallaíonn 'Mí-oiriúnach - An Cás seo Amháin' gur measadh go bhfuil an cás seo mí-oiriúnach don Chlár. Baineann 'Gan Ghníomh Breise' leis an moladh nach bhfuil gá le haon ghníomh eile de chuid an Gharda Síochána i ndáil leis an gceist. Cuireadh stop le húsáid a bhaint as an moladh seo ag tús 2019. Baineann 'Eile' leis na hatreorúcháin a cruthaíodh in 2019 ach níl treoir tugtha ag Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha tráth ginte na staitisticí.




◆Measadh go raibh 1,605 leanbh mí-oiriúnach chun páirt a ghlacadh sa Chlár in 2019, méadú 29% i gcomparáid le 2018. Áirítear na leanaí seo i 6,062 atreorúchán chuig an gClár Athstiúrtha. Áirítear i measc na gcúiseanna atá leis seo an méadú foriomlán ar líon na n-atreorúchán agus stop a bheith curtha le 'Gan Ghníomh Breise' de réir treorach ó Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha ag tús 2019. Tá sé seo le tabhairt faoi deara sa laghdú ar líon na moltaí 'Gan Ghníomh Breise' go dtí 116 in 2019, laghdú de 72% i gcomparáid le 2018. In áit 'Gan Ghníomh Breise' measadh go raibh cás mí-oiriúnach chun páirt a ghlacadh sa Chlár in imthosca áirithe cosúil le gan dóthain fianaise a bheith ann chun imeachtaí a thionscnamh. Ní dhéanfaí an leanbh a ionchúiseamh nó rabhadh a thabhairt dó/di faoin gClár sna himthosca seo.

# 6 TIONSCADAIL ATHSTIÚRTHA AN GHARDA SÍOCHÁNA

◆ Is dlúthchuid den Chlár Athstiúrtha iad Tionscadail Athstiúrtha an Gharda Síochána (TAÓGSanna) agus tá 105 tionscadal bunaithe ar fud rannáin an Gharda Síochána. Tá ról lárnach acu i dtacú le An Garda Síochána trí dhaoine óga a athstiúradh ó bhreis ciontaithe trí idirghabháil agus tacaíocht oiriúnach atá bunaithe ar thaighde.

## FOIREANN FORBARTHA DEA-CHLEACHTAIS TAÓGS (FFDC)

◆ Is é an aidhm atá le FFDC TAÓGS torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine óga atá ag glacadh páirte i dTionscadail Athstiúrtha an Gharda Síochána (TAÓGSanna) ar fud na tíre trí thacú le riachtanais gach Oibrí um Cheartas i leith an Aosa Óig (OCAÓanna) agus cleachtas a fhorbairt ar fud ghréasán na TAÓGSanna.

◆ Sainaithníodh an gá a bhí leis na tacaíochtaí seo, a bhí á gcur ar fáil ar dtús tríd an Tionscnamh Dea-Chleachtais (TDC) a bhí á bhainistiú ag Foróige, trí anailís bhonnlíne ar na TAÓGSanna (Redmond, 2009). Ba sa bhliain 2010 a bunaíodh TDC agus ba é an aidhm a bhí aige cleachtas in TAÓGSanna a fheabhsú. In 2015, chuir Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig maoiniú ar fáil trí thacaíocht a fháil ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, chun beirt oibrithe pháirtaimseartha a fhostú. Forbairt uathúil ba ea é seo laistigh den earnáil óige le cur chuige ilghníomhaireachta i ndáil le plean comhroinnte a sholáthar chun tairbhe na ndaoine óga atá páirteach i ngach Tionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána ar fud na tíre. Ag deireadh 2019, bhí triúr comhaltaí foirne lánaimseartha páirteach san fhoireann ilghníomhaireachta seo a bhí á bhainistiú ag Foróige, Obair d'Ógra Éireann na Gaillimhe agus *Crosscare*, agus bhí tacaíocht agus oiliúint á soláthar d'Oibrithe um Cheartas i leith an Aosa Óige sna TAÓGSanna ar fad.

◆ Tá maoirseacht á déanamh ag Coiste Comhairleach TAÓGS ar obair FFDC TAÓGS. Páirteach sa Choiste tá ionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (RDCC), An Garda Síochána (AGS), Ollscoil Luimnigh (UL), Aonad um Riarachán Cistí an AE agus ionadaithe ó eagraíochtaí pobalbhunaithe (EPBanna) a bhfuil TAÓGSanna á mbainistiú acu, lena n-áirítear Foróige, Obair d'Ógra Éireann, *Crosscare*, *Extern* agus iad siúd a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu ar TAÓGSanna atá á mbainistiú ag EPBanna. Soláthraíonn Coiste Comhairleach TAÓGS sásra don RDCC, AGS, UL agus gach EPB chun comhoibriú le FFDC TAÓGS ar fhorbairt straitéiseach TAÓGSanna. Lena chois sin, ceadaíonn an Coiste scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna foghlama agus comhroinnte faisnéise idir EPBanna, RDCC agus AGS, agus leagtar béim ar chleachtas a fhorbairt ar fud an ghréasáin TAÓGSanna, rud a bhíonn mar bhonn le torthaí a fheabhsú do dhaoine óga agus do theaghlaigh atá páirteach in TAÓGSanna ar fud na tíre.

## OILIÚINT

◆ Ar fud FFDC TAÓGS, tá rochtain ag gach OCAÓ ar chlár oiliúna náisiúnta atá deartha chun na scileanna agus an saineolas cuí a roinnt le comhaltaí foirne, ach chomh maith leis sin, chun a gcleachtas a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh trí phróisis mhachnamhacha éagsúla. Áiríodh i measc na n-éispéireas foghlama FFDC TAÓGS a cuireadh ar fáil d'Oibrithe um Cheartas i leith an Aosa Óig in 2019:

- Oiliúint do OCAÓanna, OIÓanna agus ionadaithe EPB maidir le húsáid a bhaint as Leibhéal Seirbhíse don Aos Óg/ Fardal Cásbhainistithe SV & 2.0 (YLS/CMI SV & 2.0) arb ionann é agus an uirlis náisiúnta riosca/measúnaithe riachtanas a úsáideann gach TAÓGS.

Áiríodh i measc na dtacaíochtaí eile chun cabhrú le cur i bhfeidhm leantach na huirlise seo ceardlanna feabhsaithe cleachtais, iniúchtaí agus staidéar comhghrádaitheoirí.

- Dearadh Clár Dírithe ar Thorthaí chun comhaltaí foirne a chumasú chun pleanáil a dhéanamh go héifeachtach de réir riachtanas sonrach a TAÓGSanna.
- Ceardlanna Pleanáil don Rath (Plean Bliantúil) chun cabhrú le TAÓGSanna pleananna bliantúla a chur i gcrích atá deartha de réir na staitisticí coireachta áitiúla atá á soláthar ag An Garda Síochána.
- Agallóireacht Inspreagtha & Oiliúint *Saol Lán Roghanna* Foróige chun freagairtí do shaincheisteanna áitiúla a fheabhsú trí idirghabháil éifeachtach a sholáthar.

## BUAICPHOINTÍ OBAIR FFDC 2019

◆ Le cois na hoiliúna thuasluaite, in 2019 cuireadh tús le Samhail Oiliúna saincheaptha maidir le Cleachtas Aisiríoch do TAÓGSanna. Ba é Ollscoil Uladh a d'fhorbair é seo i gcomhpháirt le FFDC TAÓGS agus cuireadh deis ar fáil do roinnt Oibrithe um Cheartas i leith an Aosa Óig feidhmiú mar oiliúnóirí Cleachtais Aisiríoch. Déanfar an oiliúint seo a rolladh amach ar bhonn náisiúnta, faoi stiúir FFDC TAÓGS in 2020 agus beidh tacaíocht ar fáil ó Ollscoil Uladh agus Foireann Oiliúna an Chleachtais Aisiríoch.

◆ Lean FFDC TAÓGS le maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme leantach YLS/CMI 2.0 Measúnú Riosca/Riachtanas agus uirlis Phleanála Cásanna i ngach TAÓGS in 2019 agus leanadh leis an obair ar struchtúr nua a fhorbairt chun tacú leis an aistriú chuig ardán ar líne amach anseo.

◆ Mar fhreagairt do riachtanais an chleachtais sainaitheanta ag na hOibrithe um Cheartas i leith an Aosa Óig, reáchtáil FFDC TAÓGS trí cheardlann phíolótacha *Exploring Anger* in 2019. Cuireadh an-spéis sna ceardlanna seo agus fuarthas freagairt dhearfach ar na ceardlanna píolótacha. Bunaithe ar an aiseolas ó na ceardlanna píolótacha, éascóidh FFDC TAÓGS roinnt ceardlann a bheidh ar fáil do gach OCAÓ in 2020.

◆ In 2017, d'fhorbair FFDC TAÓGS agus An Garda Síochána 'Níos Láidre le Chéile: Treoirlínte le haghaidh comhpháirtíocht éifeachtach idir Oifigigh Idirchaidrimh don Óige an Gharda Síochána agus Tionscadail Athstiúrtha an Gharda Síochána'. In 2019 reáchtáladh roinnt ceardlann a bhí deartha chun scrúdú a dhéanamh ar na treoirlínte seo, agus ghlac 41 tionscadal agus na OIÓanna gaolmhara páirt iontu. Bhí na ceardlanna seo á n-éascú ag Sáirsint BAÓGS i dteannta le FFDC TAÓGS. Thug sé seo deis do OCAÓanna agus OIÓanna na treoirlínte seo a phlé níos mine agus teacht ar bhealaí áitiúla ina bhféadfaí an caidreamh atá ann a fheabhsú, rud a thacódh le torthaí níos fearr do dhaoine óga atá ag glacadh páirte in TAÓGSanna. Tharraing na ceardlanna seo aird ar an ngá atá le tuilleadh tacaíochta a thabhairt do EPBanna agus do Chathaoirligh Choiste Tionscadail TAÓGS, agus in 2020 forbrófar agus éascófar roinnt ceardlann atá dírithe go sonrach ar an gcohórt seo.

◆ Tá FFDC TAÓGS ag leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt leis an bhfoireann Fianaise Taighde ar Chláir agus ar Chleachtas Polasaí (FTCCP) in Ollscoil Luimnigh i ndáil le Taighde Gnímh leanúnach ar TAÓGS, agus leanfar leis an obair i gcomhpháirt de réir mar a fhorbraíonn an taighde.

## TREO FFDC TAÓGS AMACH ANSEO

◆ Le cois an raon eispéireas foghlama thuasluaite, áiríodh i measc na réimsí eile a raibh FFDC TAÓGS ag díriú orthu in 2020:

- Cur le forbairt na Straitéise nua um Cheartas Coiriúil i leith an Aosa Óig.
- Tacú le hathstruchtúrú sásraí le haghaidh comhairliúcháin agus plé leanúnach idir na páirtithe leasmhara éagsúla TAÓGS.
- Cur le forbairt straitéiseach leanúnach TAÓGSanna trí rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach TAÓGS.
- Tacaíocht agus comhairliúchán a sholáthar don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le raon saincheisteanna a bhaineann le polasaí.
- Tacaíocht a sholáthar ar bhonn leanúnach d'Oibrithe um Cheartas i leith an Aosa Óig, EPBanna agus OIÓanna i ndáil le soláthar leanúnach sheirbhís TAÓGS ar ardchaighdeán atá bunaithe ar thaighde agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta.

# 7 CEARTAS AISIRÍOCH

## CÉARD É CEARTAS AISIRÍOCH?

◆ Foráiltear le Alt 26 d'Acht na Leanaí 2001 íospartach a áireamh sa rabhadh ceartais aisiríoch faoin gClár Athstiúrtha. Is próiseas deonach é ceartas aisiríoch ina nglacann an duine óg le freagracht as an (h)iompar goilliúnach agus bíonn sé/sí cuntasach do na daoine a bhfuil díobháil déanta dóibh. Tugtar deis don íospartach a t(h)uairimí a chur in iúl trí bhualadh leis an duine óg go pearsanta nó a c(h)uid tuairimí a chur in iúl trí dhuine éigin eile. Ciallaíonn sé seo, seachas díriú ar thoradh ceartais choiriúil do leanbh a bhfuil cion déanta aige/aici, go leagtar an bhéim ar an damáiste a rinneadh don íospartach a chur ina cheart agus deis a thabhairt don leanbh a bheith páirteach sa phobal arís. Trí eispéireas an íospartaigh a bhailíochtú agus trí dheis a thabhairt don leanbh a bheith páirteach ina p(h)obal féin arís, bíonn torthaí níos fearr don chiontóir mar thoradh ar cheartas aisiríoch, riosca laghdaithe go mbeidh athchiontú i gceist, torthaí níos dearfaí d'íospartaigh, agus i gcleachtas is modh níos costéifeachtaí é agus tá folláine cleachtóra níos fearr luaite leis mar aon le caidreamh pobail feabhsaithe.

## CUSPÓIR AN CHEARTAIS AISIRÍOCH

◆ Sa chás go dtreoraíonn Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha go bhfuil Rabhadh Aisiríoch le riaradh, is deis atá ann déileáil le hiompar linbh agus é a aithint go poiblí ar bhealach a chiallaíonn go bhfuil an leanbh cuntasach agus ag an am céanna a chinntiú go mbíonn an t-íospartach á bhailíochtú agus go mbíonn an díobháil atá déanta dó/di aitheanta.

OIÓ a eagraíonn an próiseas agus go hiondúil bíonn OIÓ eile i mbun na cathaoirleachta, OIÓ ag a bhfuil oiliúint shonrach i gcleachtais aisiríocha. Áirítear i measc na samplaí de dhaoine a dtugtar cuireadh dóibh a bheith i láthair:
daoine chun tacú leis an íospartach, múinteoirí, oibrithe sóisialta, oiliúnóirí spóirt agus oibrithe don aos óg nó oibrithe tionscadail.


◆ Reáchtáiltear plé maidir le conas is fearr freastal ar riachtanais an íospartaigh agus déileáil le díobháil agus iompair an duine óig amach anseo. Más féidir, sainaithneofar i rith an chruinnithe tacaíochtaí atá le bunú a chabhróidh chun an duine óg a athstiúradh ó athchiontú agus déanfar gach iarracht cabhrú leis an duine óga athchiontú a sheachaint trí ghlacacht agus athimeascadh. Pointe tábhachtach is ea go dtugtar cluas éisteachta d'íospartaigh, a scéal féin agus an tionchar a bhí ag an gcion air/uirthi a mhíniú. Chomh maith leis sin, tugtar deis do na híospartaigh bualadh leis na ciontóirí agus iad a cheistiú maidir lena n-iompar. Anuas air sin, d'fhéadfadh an cruinniú cabhrú leo déileáil le hábhair imní faoi íospairt amach anseo nó freagraí a fháil ar cheisteanna atá ag déanamh imní dóibh. Cé nach bhfuil aon chinnteacht ann maidir leis an toradh deiridh, d'fhéadfadh go mbainfeadh íospartaigh tairbhe as cúiteamh airgeadais nó foirmeacha eile cúitimh chomh maith.

◆ Tugadh 125 Rabhadh Aisiríoch in 2019, suas ón 72 Rabhadh Aisiríoch a tugadh in 2018, méadú de 74%.

◆ I Ráithe 4 de 2019, cheadaigh Coimisinéir an Gharda Síochána leithdháileadh Buiséid do Cheartas Aisiríoch do Bhiúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána chun tacú le riaradh agus cur chun cinn Rabhadh Aisiríoch do thréimhse 2020 i ndiaidh do Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig maoiniú a aistarraingt in 2018. Chabhraigh an maoiniú seo le pleanáil a dhéanamh i ndáil le hoiliúint, oideachas agus cur chun cinn cleachtas ceartais aisiríoch mar chuid de sholáthar éifeachtach an Chláir Athstiúrtha atá le tarlú in 2020.

◆ Áireofar anseo soláthar chlár na hInstitiúide Náisiúnta um Chleachtais Aisiríocha (IIRP) 'Oiliúint don Oiliúnóir' i Ráithe 1 2020. Cuirtear an clár seo ar fáil do ghrúpa OIÓanna ag a bhfuil taithí a bheidh in ann oiliúint éascaitheora Chleachtas Aisiríoch IRRP a chur ar fáil do OIÓanna nuacheaptha ina dhiaidh sin.

◆ Chun cur le feasacht, forbairt agus úsáid an cheartais aisiríoch, agus chun tuiscint níos ginearálta ar an gceartas aisiríoch agus na prionsabail a bhaineann leis a chomhtháthú laistigh den Gharda Síochána, reáchtálfar seisiúin faisnéise faoin gCeartas Aisiríoch i Ráithe 1 2020 do OIÓanna agus d'fhoireann bainistíochta an Gharda Síochána ar bhonn réigiúnach agus rannach. Tarlóidh sé seo i ndiaidh oiliúint shaincheaptha a chur ar fáil don fhoireann laistigh de BAÓGS i bhfoirm seiminéar lae maidir le 'Cleachtais Ceartais Aisiríoch agus Ciontú i measc an Aosa Óig' a reáchtálfar i Ráithe 4 2019.




# 8 FORBAIRT TF PULSE

- In 2019, bhunaigh Ard-Cheannfort BAÓGS grúpa oibre inmheánach dar teideal 'Foireann Forbartha TF PULSE'; tionóladh comhaltaí dá Foireann Bainistíochta, le tacaíocht ó Anailísí Córais agus Anailísí Gnó, mar iarracht dlús a chur le cur chun feidhme athruithe ar phróiseas PULSE a bhain le hatreorúcháin chuig an gClár Athstiúrtha.
- Is é PULSE an príomhchóras a úsáidtear sa phróiseas a bhaineann le ciontóirí óga a chur i dtreo an Chláir Athstiúrtha. De bhrí go bhfuil athrú tagtha ar an bpróiseas a bhaineann le leanaí a chur i dtreo an Chláir le himeacht ama, tá PULSE coigeartaithe chun na riachtanais athraitheacha a chomhlíonadh. Ainneoin úsáid a bheith á baint as próiseas leictreonach atá ag forbairt, tá roinnt tascanna a bhaineann leis an nós imeachta nach mór iad a gcrích de láimh a chiallaíonn nach bhfuil an próiseas iomlán uathoibrithe.
- Is é an aidhm atá ag Foireann Forbartha TF PULSE déileáil le saincheisteanna a bhaineann le próiseas atreorúcháin reatha BAÓGS atá sainaitheanta ag córas bainistíochta riosca an Bhiúró agus moltaí atá le fáil  i dTuarascáil Scrúdaithe ar Atreorúchán Óige Náisiúnta, 2019 a achtú.

Bhí obair thosaigh an ghrúpa oibre dírithe ar phróisis an Bhiúró a dhoiciméadú mar aon le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an bpróiseas atreorúcháin, go hinmheánach agus go seachtrach. Is é an aidhm atá leis an gcur chuige seo rannpháirtíocht struchtúrtha le páirtithe leasmhara a chinntiú chun riachtanais feidhmeanna gnó BAÓGS a shainaithint agus ansin tabhairt faoi chur chun feidhme chéim dearaidh an tionscadail.

- Is é an cuspóir atá ann i ndeireadh na dála réiteach IT atá iomlán, oiriúnach dá chuspóir agus saincheaptha a sholáthar a dhéanann feidhmeanna BAÓGS a shruthlíniú laistigh de PULSE. Tugtar léargas sa chairt thíos ar chéimeanna forbartha tosaigh an tionscadail agus tarraingítear aird ar na céimeanna a cuireadh i gcrích in 2019 agus tugtar léargas ar na cuspóirí atá sonraithe le haghaidh 2020 agus níos faide anonn.



◆ In 2019, chomhlíon foireann forbartha TF Pulse gach spriocdháta agus cuspóir forbartha rud a bhí mar bhonn le doiciméad 'Riachtanais Ghnó' inar mionsonraíodh 30 céim a bhaineann le próiseas an Chláir Athstiúrtha reatha agus 55 moladh chun próisis reatha a fheabhsú. Bunaithe ar chéim sainmhínithe na riachtanas, comhaontaíodh ar dhoiciméad dearadh feidhmeanna bunaithe ar ord tosaíochta feabhsuithe agus breithniú a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil. Tá mionsonraí sa doiciméad seo faoi 40 moladh feabhais trí nuashonruithe PULSE agus nuashonruithe seirbhísí a thuairisciú. Comhlíonfar an 55 moladh fágtha trí na seirbhísí atá ann cheana féin agus eisiúintí PULSE amach anseo.

◆ San áireamh sa rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara bhí comhoibriú le Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána, Ionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána, OIÓanna ar fud na tíre, foireann BAÓGS, Riarthóirí an Chreata Cuntasachta Feidhmíochta Ceantair (CCF), Riarthóirí Phunann an Chláir Athstiúrtha Réigiúnaigh agus baill den fhoireann Dearaidh TF. Bhí ról lárnach ag rannpháirtíocht leanúnach leis na páirtithe leasmhara seo agus le baill foirne an tionscadail i nginiúint na sonraí riachtanacha, chun cabhrú le héifeachtacht phróisis an Chláir Athstiúrtha a thomhas agus measúnú a dhéanamh ar na hathruithe próisis a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Nuair a bheidh an Doiciméad Dearadh Feidhmeanna faofa agus curtha ar fáil, is iad na chéad chéimeanna eile den tionscadal seo a dtabharfar tús áite dóibh tús a chur leis an bpróiseas dearaidh agus eisiúint PULSE ina dhiaidh sin in 2020.

◆ Cabhróidh cur chun feidhme an dearaidh seo go mór le dul i ngleic leis an mbrú atá ar phróisis faoi láthair, próisis atá le déanamh de láimh, a dteastaíonn leibhéal suntasach foirne lena n-aghaidh, agus a bhfuil rioscaí a bhaineann le hearráid dhaonna ag baint leo mar gheall ar easpa uathoibrithe.

# 9 CLÁR ATHSTIÚRADH ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA

- Tarraingíodh aird ar dtús ar réimse na leanaí faoi chúram ag tús 2018 ag cruinnithe foirne cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Cheartas i leith an Aosa Óig (PGCAÓ). I measc na ngníomhaireachtaí a raibh ionadaíocht acu ar PGCAÓ bhí An Garda Síochána, Tusla, Seirbhísí Promhaidh do Dhaoine Óga, Scoil Coinneála Bhaile an Oibricigh & Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig. I bhfianaise a n-imthosca uathúla agus pearsanta, leag Údarás Póilíneachta an Choiste Leanaí béim ar an bpointe go bhfuil breithniú breise tuillte ag leanaí atá i gcúram an Stáit agus lorgaíodh fianaise maidir le comhoibriú idirghníomhaireachta a théann i ngleic le riachtanais an chóhoirt leanaí seo.
- Ag eascairt uaidh seo, reáchtáladh cruinniú ilghníomhaireachta tuairimí, faoi stiúir an Gharda Síochána, i mbaile Loch Garman i mBealtaine 2018. Ba é an aidhm a bhí leis an gcruinniú seo scrúdú a dhéanamh ar phrótacail a fhorbairt do An Garda Síochána agus TUSLA i ndáil le conas a bhféadfadh an dá ghníomhaireacht idirghníomhú lena chéile chun an tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil do leanaí sa timpeallacht chúraim. Bunaithe ar na torthaí dearfacha a bhí mar thoradh ar an gcruinniú seo, roghnaigh BAÓGS Contae Loch Garman mar an ceantar a mbeadh tionscnamh 'Leanaí faoi Chúram' Chlár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána bunaithe ann.
- Reáchtáladh cruinnithe ina dhiaidh sin i rith 2018 & 2019 ar fhreastail ionadaithe ó na gníomhaireachtaí ar fad a bhfuil baint acu le tacú le leanaí faoi chúram orthu. Thug gach gníomhaireacht léargas ar a dtiomantas oibriú le chéile chun teacht ar thuiscint níos fearr ar na saincheisteanna atá ag cur isteach ar leanaí faoi chúram agus go háirithe, an tsaincheist a bhaineann lena gcoiriúlú mar thoradh ar a n-iompar laistigh de agus lasmuigh dá mbaile féin le linn dóibh a bheith faoi chúram an Stáit.
- Mar chuid den tionscnamh seo, rinneadh gach atreorúchán chuig an gClár Athstiúrtha do leanaí faoi chúram i gcontae Loch Garman a chásbhainistiú in BAÓGS. Sonraíodh sa phrótacal comhaontaithe nár cheart go measfaí nach bhfuil aon leanbh mí-oiriúnach chun páirt a ghlacadh sa Chlár sula ndéanfaí breithniú idirghníomhaireachta ar an leanbh i gceist. Bunaíodh foireann phíolótach in BAÓGS chun gach atreorúchán a bhain le gach leanbh i dtithe cúraim chónaithe i gCo. Loch Garman a mhonatóiriú, a mheas agus a threorú.
- Tá an fhéidearthacht a bhaineann leis an tionscnamh seo a fhorbairt á breithniú ag An Garda Síochána faoi láthair agus é mar aidhm línte soiléire cumarsáide a fhorbairt idir Tusla, An Garda Síochána agus soláthróirí cúraim chónaithe, a scrúdú go mion agus táthar ag feitheamh ar rolladh amach / cur chun feidhme a bheith á fhaomhadh ag na páirtithe leasmhara inmheánacha riachtanacha.

# 10 OILIÚINT CURTHA AR FÁIL D'ÉASCAITHEOIRÍ AN CHLÁIR

◆ Leagtar béim in Alt 46 d'Acht na Leanaí 2001 ar an bhfreagracht atá ar Choimisinéir an Gharda Síochána oiliúint a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil an Clár Athstiúrtha á éascú acu. Is faoin gCoiste Monatóireachta atá sé dea-chleachtais a aithint maidir le hoiliúint éascaitheoirí a mheas agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar oiliúna. Fáiltíonn an coiste roimh sholáthar clár oiliúna tábhachtach in 2019 atá riachtanach i ndáil le héifeachtacht an Chláir Athstiúrtha. Cuireadh na cúrsaí oiliúna seo a leanas ar fáil do OIÓanna i rith 2019: Oiliúint Ionduchtúcháin, Scileanna Idirghabhála, agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.

## OILIÚINT IONDUCHTÚCHÁIN

◆ Cuireadh oiliúint ionduchtúcháin ar fáil do OIÓanna nuacheaptha thar thréimhse cúig lá i gColáiste an Gharda Síochána i mí Mheán Fómhair. Bhí an oiliúint dírithe ar na hoibleagáidí dlíthiúla agus reachtúla atá ag tacú leis an ról agus pléadh na topaicí seo a leanas; Maoirseacht leanaí atá ag glacadh páirte sa Chlár Athstiúrtha, Cosaint Leanaí, Ceartas Aisiríoch, TAÓGSanna, Comhlánú Tuarascálacha Oiriúnachta, agus Feasacht i leith Féinmharú (*SAFE Talk*).

## SCILEANNA IDIRGHABHÁLA

◆ I mí na Samhna, cuireadh oiliúint i scileanna idirghabhála ar fáil do 12 OIÓ thar thréimhse 6 lá. De réir mar a fhoráiltear faoi Alt 25 d'Acht na Leanaí 2001, ní mór go mbeadh OIÓ oilte i scileanna idirghabhála ionas gur féidir leis/léi rabhaidh fhoirmiúla a thabhairt. Dá réir sin, is cuid thábhachtach d'oiliúint OIÓ é oiliúint idirghabhála agus fáiltíonn an Coiste roimh sholáthar na hoiliúna seo go gairid i ndiaidh do na OIÓanna a n-oiliúint ionduchtúcháin a dhéanamh.

Seo a leanas an cuspóir a bhí luaite leis an oiliúint idirghabhála:

- aird na rannpháirtithe a tharraingt ar choincheap na hidirghabhála agus an úsáid is féidir a bhaint as idirghabháil nuair a bhíonn argóintí, díospóidí agus coinbhleacht á réiteach,
- teacht ar thuiscint ar idirghabháil agus ar na tascanna éagsúla atá i gceist i ngach céim,
- léargas a fháil ar chur chuige duine maidir le coinbhleacht,
- teacht ar thuiscint ar na prionsabail a bhaineann le hidirghabháil éifeachtach,
- raon scileanna atá éifeachtach le haghaidh réiteach coinbhleachta a fhoghlaim agus a chleachtadh, agus
- breithniú a dhéanamh ar conas is féidir idirghabháil a bhunú agus a úsáid i ról an rannpháirtí mar OIÓ.

## FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH

◆ Ag teacht leis an tseachtain oiliúna ionduchtúcháin, reáchtáladh seimineár oiliúna aon lá amháin d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach i gColáiste an Gharda Síochána. Le cois deis a thabhairt do OIÓanna ar fud na tíre a gcuid eolais agus taithí a roinnt, déileáladh leis na topaicí seo a leanas trí láithreoireachtaí agus seisiúin ceisteanna agus freagraí: Éagsúlacht [oiliúint frithradacaithe], Fuathchoireacht, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí [RGCS] agus Feasacht Míchumas Intleachtúil.

## TUARASCÁIL SCRÚDAITHE AR ATREORÚCHÁN ÓIGE NÁISIÚNTA 2018 - 2019

◆ Cuireadh tús leis an Tuarascáil Scrúdaithe ar Atreorúchán Óige Náisiúnta in 2018 agus cuireadh críoch leis i Márta 2019. Bunaíodh an scrúdú mar thoradh ar fhreagairt d'athbhreithniú inmheánach ar atreorúcháin a rinne Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (ACGGS) in 2017 maidir le riaradh an Chláir Athstiúrtha. Dá thoradh seo, bunaíodh an fhoireann scrúdaithe chun scrúdú a dhéanamh ar atreorúcháin inar measadh go raibh leanaí mí-oiriúnach chun páirt a ghlacadh sa Chlár [MCSA] agus nach raibh ionchúiseamh roimh na Cúirteanna mar thoradh ar a leithéid sin de chásanna.

◆ Dhírigh téarmaí tagartha an scrúdaithe ar thorthaí a bhaineann le teagmhais dá dtagraítear dóibh sa Chlár Athstiúrtha agus a measadh a bhí mí-oiriúnach chun páirt a ghlacadh sa Chlár i rith na tréimhse ón 1ú Eanáir 2010 go dtí an 28ú Iúil 2017. Tagraíodh sa Tuarascáil Scrúdaithe ar Atreorúchán Óige Náisiúnta ina dhiaidh sin na ceithre théarma tagartha seo a leanas agus rinneadh roinnt moltaí lena chinntiú nach dtarlódh rud éigin mórán mar an gcéanna amach anseo:

1. Atreorúcháin Óige inar mheas an Stiúrthóir go raibh an leanbh mí-oiriúnach le páirt a ghlacadh sa Chlár agus nach raibh cúiseamh nó toghairm chúirte dá dtoradh.
2. Atreorúcháin óige nach raibh Oifigeach Idirchaidrimh don Óige sannta chun déileáil leo.
3. Atreorúcháin óige a raibh an stádas 'DRÉACHT' luaite leo a chuir cosc ar Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána an t-atreorúchán óige a phróiseáil go tráthúil.
4. Athbhreithniú ar phróisis agus ar nósanna imeachta Oifig Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána chun déileáil le saincheisteanna atá sainaitheanta ag Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána lena chinntiú nach dtarlaíonn a leithéid arís.

◆ Is féidir moltaí an scrúdaithe a ghrúpáil i **6 Phríomhchatagóir**:

1. Rialachas
2. Cumarsáid
3. TFC
4. Polasaí
5. Acmhainní a chur ar fáil
6. Oiliúint

Sonraítear i bPlean Gníomhaíochta Cur Chun Feidhme an Athbhreithnithe ar Atreorúchán Óige Náisiúnta na moltaí atá le cur i bhfeidhm sa tréimhse idir 2019 - 2021 agus é mar aidhm rialachas, TFC, acmhainní agus oiliúint a fheabhsú / a threisiú chun éifeachtacht an Chláir trí chéile a bharrfheabhsú. Leanfaidh BAÓGS, le tacaíocht ó eagraíocht an Gharda Síochána trí chéile, leis na moltaí sin a chur chun feidhme agus a sholáthar mar aon le hathbhreithnithe leanúnacha a dhéanamh ar chleachtais / nósanna imeachta reatha go tréimhsiúil faoi shainordú ABCS BAÓGS i gcomhpháirt le hAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána [ACGGS].

## RIALACHAS AGUS CUNTASACHT

I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar phróisis, polasaithe agus nósanna imeachta an Chláir Athstiúrtha, bunaíodh aonad monatóireachta i BAÓGS chun dul chun cinn atreorúchán óige a mhonatóiriú agus a chinntiú.

◆ Feidhm de chuid an aonaid monatóireachta laistigh de BAÓGS é tuarascálacha a ghiniúint ó PULSE agus na tuarascálacha seo a scaipeadh i ngach réigiún de chuid an Gharda Síochána ar bhonn míosúil, tuarascálacha a bhaineann le hatreorúcháin óige a measadh a bhí mí-oiriúnach chun páirt a ghlacadh sa Chlár. Ar bhonn ráithiúil, seoltar tuarascáil chuig gach réigiún ina dtarraingítear aird ar na figiúirí iomlána don ráithe dheireanach, líon na dteagmhas atá fós le cur i gcrích, agus treochtaí maidir le líon n-atreorúchán óige ina measadh go raibh leanbh mí-oiriúnach. Scaiptear treoir réigiúnach freisin chun cabhrú le rialachas agus chun comhairle maidir le saincheisteanna coitianta a sholáthar.

◆ Chomh maith leis sin, eisíonn an t-aonad monatóireachta 'meabhrúcháin' gach mí chuig rannán de chuid an Gharda Síochána maidir le comhaid agus tuarascálacha atá le cur faoi bhráid BAÓGS, OIÓanna chun iad a féin a shannadh d'atreorúcháin óige, agus rabhaidh atá fós le tabhairt ag OIÓanna.

## ACMHAINNÍ BREISE AG BAÓGS

Chruthaigh leibhéil foirne comhaltaí buana den Gharda Síochána dúshlán ar bhonn leanúnach do BAÓGS in 2019, ach tá dul chun cinn déanta, áfach, i ndáil le Comórtas Náisiúnta a bheith á fhaomhadh ag an Leas-Choimisinéir Twomey do BAÓGS [Oifig Stiúrtha] agus tá sé beartaithe agallaimh a reáchtáil in Eanáir 2020. Meastar go gcuirfear an Comórtas seo i gcrích agus go mbeidh foireann ceaptha faoi Mhárta 2020.

## FEASACHT AGUS TUISCINT AR AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA A CHUR CHUN CINN

◆ Cuimsítear i sainchúram BAÓGS comhordú, forbairt agus rialachas an Chláir Athstiúrtha ar bhonn náisiúnta rud a chiallaíonn go bhfuil ról maoirseachta aige i ndáil le gach gné d'atreorúcháin óige. Le linn na bhfreagrachtaí seo a chomhlíonadh, in 2019, d'fhorbair agus scaip BAÓGS doiciméid treorach i measc chomhaltaí uile an Gharda Síochána, doiciméid inár pléadh gnéithe éagsúla den Chlár Athstiúrtha agus na róil éagsúla a bheidh ag gach comhalta den Gharda Síochána chun riaradh éifeachtach an Chláir a chinntiú.

◆ D'fhonn tacú leis na doiciméid treorach seo, seoladh modúl oiliúna ríomhfhoghlama ar an gClár Athstiúrtha arb ionann é agus cuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach gach comhalta den Gharda Síochána. Ina theannta sin, reáchtáil BAÓGS seisiúin réigiúnacha i réigiúin de chuid an Gharda Síochána ar fud na tíre a bhí dírithe ar na Gráid seo a leanas - Coimisinéir Cúnta, Ard-Cheannfort agus Ceannfort - maidir le rialachas agus cuntasacht i ndáil le riaradh an Chláir Athstiúrtha ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

◆ Os a choinne sin, trí rannpháirtíocht le Coláiste an Gharda Síochána, chinntigh BAÓGS go gcuireann foireann BAÓGS modúl faoin gClár Athstiúrtha ar fáil do gach rang ina bhfuil Gardaí Promhóra Chéim a Trí agus do gach cúrsa Ardaithe Céime do Sháirsintí. Cuirtear é seo i gcrích trí léacht a reáchtálann BAÓGS atá saincheaptha d'oibleagáidí, róil agus freagrachtaí na rannpháirtithe i ndáil leis an gClár Athstiúrtha.

◆ Reáchtálann Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha agus Sáirsint sa Gharda Síochána atá ag obair le BAÓGS seisiúin faisnéise do riarthóirí an Chreata Cuntasaíochta Feidhmíochta (CCF) ag leibhéal réigiúnach agus rannach. Cuireadh tús leis na seisiúin seo i mí na Nollag 2019 agus leanfar leo sa chéad ráithe de 2020. Mar thoradh ar Eisiúint 7.3 PULSE, ní féidir atreorúchán óige chuig an gClár Athstiúrtha a chruthú ach i ndiaidh údarú a bheith tugtar ag an Oifigeach Ceantair nó ag Riarthóir CCF maidir leis an teagmhas ar PULSE. Seo a leanas cuspóir na seisiún faisnéise seo;

- eolas a bhailiú agus aiseolas a thabhairt maidir leis na cleachtais atá in úsáid ag riarthóirí CCF i láthair na huaire,
- mionsonraí a fháil maidir leis na róil agus freagrachtaí atá tarmligthe dóibh ag Oifigigh Ceantair i ndáil le hatreorúcháin óige agus monatóireacht ar imscrúduithe a bhaineann le hógchoireacht,
- réimsí a shainaithint a bhféadfadh sé a bheith riachtanach déileáil leo in oiliúint riarthóirí CCF amach anseo i ndáil leis an gClár Athstiúrtha.

## CÓRAS BAINISTÍOCHTA IMSCRÚDAITHE

◆ Is córas leictreonach é Córas Bainistíochta Imscrúdaithe (CBI) a bhfuil glactha ag An Garda Síochána leis chun bainistíocht gach imscrúdú in An Garda Síochána a chaighdeánú, a dhigitiú agus tacú leo. Tá CBI Céim 1 beo i rannán Phort Láirge ó Ráithe 1 in 2019 agus i Ráithe 4 rinneadh é a rolladh amach ar bhonn céimnithe sna rannáin seo a leanas - Cill Chainnigh/Ceatharlach, Tiobraid Árann agus Loch Garman.

◆ D'fhonn tacú leis na rannáin seo ar an ardán CBI, ní mór do BAÓGS páirt a ghlacadh freisin i rolladh amach CBI i ndáil leis na hatreorúcháin óige faighte ó na rannáin seo. I mí na Samhna 2019, chuir foireann BAÓGS oiliúint sa seomra ranga i gcrích - oiliúint faoi úsáid CBI mar aon le modúil ríomhfhoghlama. Leanfaidh BAÓGS ag obair i ndlúthchomhar le Foireann Tacaíochta Gnó BAÓGS in 2020 i ndáil le bainistíocht tionscadail úsáid CBI laistigh de BAÓGS agus oiliúint comhaltaí foirne nua a éascú mar ullmhúchán don dáta a bhfuil sé beartaithe tús a chur le húsáid CBI i BAÓGS i Ráithe 2 2020.

# 12 MOLTAÍ AN CHOISTE

Déanann Coiste Monatóireacht Alt 44 ceaptha chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha na moltaí seo a leanas;

1. Moltaí ó Thuarascáil Scrúdaithe an Gharda Síochána ar Atreorúchán Óige Náisiúnta a chur chun feidhme laistigh de na hamfrámaí atá sonraithe sa Phlean Gníomhaíochta Cur Chun Feidhme [2019-2021].

2. Leanúint le cur chun cinn agus le forbairt na tuisceana ar Chlár Athstiúrtha an Gharda Síochána laistigh de An Garda Síochána trí oiliúint agus seisiúin faisnéise spriocdhírithe a reáchtáil do gach comhalta den Gharda Síochána agus Foireann an Gharda Síochána maidir lena róil agus freagrachtaí faoi seach i ndáil le riaradh an Chláir.

3. Leanúint le hathbhreithniú agus le forbairt doiciméad treoirlíne don fhoireann ar fad laistigh de An Garda Síochána agus treoracha agus treoir mhionsonraithe maidir le riaradh an Chláir Athstiúrtha a sholáthar.

4. An straitéis maidir le Ceartas Aisiríoch a forbraíodh in 2019 a chur chun feidhme agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh lena chinntiú go sainaithnítear aon saincheisteanna a bhaineann lena cur chun feidhme agus aon riachtanais oiliúna chun athchóiriú rabhadh aisiríoch go dtí leibhéil 2017 a chinntiú.

5. Tionscnamh 'Leanaí faoi Chúram' Athstiúradh Óige an Gharda Síochána a athbhreithniú agus a athbhunú agus dlús a chur faoi thuilleadh forbairt a dhéanamh ar a raon feidhme.

6. Measúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar fheidhmeanna reatha rialachais agus monatóireachta atá á gcur i gcrích ag BAÓGS i ndáil le riaradh an Chláir Athstiúrtha ar bhonn náisiúnta chun aon saincheisteanna atá ag teacht chun cinn mar chuid de Straitéis Bainistíochta Riosca an Bhiúró a shainaithint agus déileáil leo.

7. Leanúint le rannpháirtíocht le Foireann Tacaíochta Gnó an Chórais Bainistíochta Imscrúdaithe lena chinntiú go ndéileáiltear go héifeachtach le riachtanais an Chláir Athstiúrtha agus go sainaithnítear agus go bhforbraítear easnaimh riaracháin a bhféadfaí iad a fheabhsú.

AGUISÍN A: STAITISTICÍ AN CHLÁIR ATHSTIÚRTHA 2019

# Tuarascáil Staitisticí an Chláir Athstiúrtha 2019

SEIRBHÍS ANAILÍSE AN GHARDA

# Tuarascáil Staitisticí Athstiúrtha*

## Clár na nÁbhar

Atreorúcháin……………………………………………………………………………………………….2

Atreorúcháin de réir an Cheantair………………………………………………………………………………………………..3

Leanaí atreoraithe……………………………………………………………………………………...4

Leanaí Atreoraithe de réir an Cheantair………………………………………………………………………………………………..6

Leanaí a fuair Rabhaidh Neamhfhoirmiúla/Fhoirmiúla……………………………………………………………………….7


Leanaí a measadh a bhí Mí-oiriúnach don Chlár…………………………………………………......8

Rabhaidh Aisiríocha achtaithe………………………………………………………………………..9

Cineálacha Cionta……………………………………………………………………………………………..10

**Bunaithe ar shonraí PULSE ag an 2 Márta 2020.*

**Atreorúcháin:**





- Rinneadh 18,567 atreorúchán chuig an gClár Athstiúrtha in 2019 arb ionann é agus méadú 12.6% i gcomparáid leis an 16,491 atreorúchán chuig an gClár in 2018.

| Moladh | Iomlán | %⁺ |
|---|---|---|
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | 6,960 | 37% |
| Mí-oiriúnach don Chlár Athstiúrtha | 6,062 | 33% |
| Rabhadh Foirmiúil | 4,046 | 22% |
| Rabhadh Aisiríoch | 125 | 0.7% |
| Gan a Thuilleadh Gníomh | 231 | 1% |
| *Eile | 1,143 | 6% |
| Iomlán Glan | 18,567 | 100% |

** lena n-áirítear iarratais i gcomhair a thuilleadh faisnéise*

*⁺ Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe*

- Déileáladh le 37% d'atreorúcháin trí Rabhadh Neamhfhoirmiúil, measadh go raibh 33% Mí-oiriúnach don Chlár Athstiúrtha, agus déileáladh le 22% trí Rabhadh Foirmiúil.
- *Áirítear i measc Eile 468 'Iarratas ar Chreatchomhad' (41%), 330 'Iarratas ar Thuarascáil Chumhdaigh' (29%) agus 226 'Iarratas ar Thuarascáil Oiriúnachta' (20%).





- Tugadh méadú faoi deara i gcéatadán na Rabhadh Neamhfhoirmiúil, Rabhadh Foirmiúil agus cinntí Mí-oiriúnacha - An Cás seo Amháin idir 2018 agus 2019. Tugadh méadú faoi deara i líon na Rabhadh Aisiríoch ó 72 cás in 2018 go dtí 125 cás in 2019.


- **Atreorúcháin de réir an Cheantair inar tharla an cion**

| Réigiún Óige | 2019 Iomlán | Athrú % 2018 | Rabhadh Neamhfhoirmiúil | Mí-oiriúnach don Chlár Athstiúrtha | Rabhadh Foirmiúil | Gan a Thuilleadh Gníomh | Rabhadh Aisiríoch | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún BÁC** | **6,472** | **+18%** | **2,201** | **2,457** | **1,199** | **68** | **47** | **500** |
| RCBÁC Thoir | 883 | +28% | 389 | 297 | 142 | 12 | 0 | 43 |
| RCBÁC Thuaidh Láir | 1,007 | +14% | 433 | 367 | 115 | 8 | 22 | 62 |
| RCBÁC Thuaidh | 1,387 | +6% | 447 | 568 | 270 | 9 | 6 | 87 |
| RCBÁC Theas Láir | 689 | -4% | 152 | 346 | 109 | 6 | 0 | 76 |
| RCBÁC Theas | 1,040 | +19% | 309 | 388 | 217 | 12 | 0 | 114 |
| RCBÁC Thiar | 1,466 | +48% | 471 | 491 | 346 | 21 | 19 | 118 |
| **Réigiún an Oirthir** | **4,404** | **+10%** | **1,429** | **1,562** | **1,029** | **58** | **8** | **318** |
| Cill Dara | 650 | +15% | 206 | 284 | 131 | 6 | 4 | 19 |
| Cill Chainnigh/Ceatharlach | 517 | +16% | 201 | 178 | 103 | 4 | 0 | 31 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 710 | +26% | 204 | 179 | 182 | 7 | 2 | 136 |
| An Mhí | 601 | -10% | 188 | 232 | 140 | 7 | 0 | 34 |
| Port Láirge | 606 | +3% | 233 | 170 | 152 | 17 | 0 | 34 |
| An Iarmhí | 446 | +18% | 138 | 199 | 87 | 4 | 0 | 18 |
| Loch Garman | 398 | -5% | 123 | 155 | 94 | 8 | 2 | 16 |
| Cill Mhantáin | 476 | +25% | 136 | 165 | 140 | 5 | 0 | 30 |
| **Réigiún an Iarthuaiscirt** | **3,653** | **+18%** | **1,572** | **953** | **856** | **44** | **45** | **183** |
| An Cabhán/Muineachán | 608 | +15% | 270 | 157 | 138 | 5 | 4 | 34 |
| Dún na nGall | 740 | +58% | 300 | 190 | 193 | 8 | 9 | 40 |
| Gaillimh | 796 | -15% | 363 | 188 | 206 | 7 | 18 | 14 |
| Lú | 570 | +18% | 239 | 151 | 116 | 9 | 6 | 49 |
| Maigh Eo | 313 | +36% | 153 | 78 | 67 | 6 | 0 | 9 |
| Ros Comáin/An Longfort | 285 | +30% | 100 | 101 | 59 | 4 | 5 | 16 |
| Sligeach/Liatroim | 341 | +52% | 147 | 88 | 77 | 5 | 3 | 21 |
| **Réigiún an Deiscirt** | **4,031** | **+3%** | **1,758** | **1,084** | **962** | **61** | **25** | **141** |
| An Clár | 338 | +3% | 172 | 37 | 101 | 8 | 2 | 18 |
| Cathair Chorcaí | 1,198 | +17% | 556 | 378 | 223 | 9 | 7 | 25 |
| Corcaigh Thuaidh | 523 | -5% | 215 | 171 | 122 | 3 | 3 | 9 |
| Corcaigh Thiar | 258 | +3% | 139 | 51 | 56 | 3 | 4 | 5 |
| Ciarraí | 444 | +25% | 197 | 94 | 120 | 9 | 1 | 23 |
| Luimneach | 776 | -17% | 294 | 212 | 208 | 16 | 2 | 44 |
| Tiobraid Árann | 494 | +2% | 185 | 141 | 132 | 13 | 6 | 17 |
| *Lasmuigh den dlínse* | *7* | --- | *0* | *6* | *0* | *0* | *0* | *1* |
| **Olliomlán** | **18,567** | **+13%** | **6,960 (18%)** | **6,062 (18%)** | **4,046 (20%)** | **231 (-72%)** | **125 (74%)** | **1,143 (-4%)** |

## Leanaí Atreoraithe




- Atreoraíodh 9,842 leanbh in 2019 arb ionann é sin agus 15% níos mó ná an 8,561 leanbh a atreoraíodh in 2018.
- Fir ba ea 72% de na leanaí agus mná ba ea 28% de na leanaí.




- Bhí 30% de na leanaí atreoraithe faoi 15 bhliain d'aois in 2019 agus bhí 29% 17 mbliana déag d'aois.

| Leanaí (an t-atreorúchán is déanaí) | Iomlán | % den iomlán⁺ | in aghaidh 2018 | Fireann | Baineann |
|---|---|---|---|---|---|
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | 5,605 | 57% | **18%** | 63% | 37% |
| Rabhadh Foirmiúil | 2,056 | 21% | **35%** | 83% | 17% |
| Neamhoiriúnach don Chlár Athstiúrtha | 1,605 | 16% | **29%** | 81% | 19% |
| Gníomh Breise ar Bith | 116 | 1% | **-72%** | 81% | 19% |
| Eile* | 460 | 5% | **-25%** | 88% | 12% |
| Iomlán Glan | 9,842 | 100% | **15%** | 72% | 28% |

** lena n-áirítear iarratais i gcomhair a thuilleadh faisnéise*


*⁺ Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe*

- Taifeadadh méaduithe sna cineálacha cinntí is coitianta in 2019 go háirithe i ndáil le Rabhaidh Fhoirmiúla atá méadaithe 35% i gcomparáid leis an líon iomlán in 2018.
- Is Fir iad formhór na ndaoine óga atreoraithe faoi chineálacha éagsúla atreorúcháin, cé gur Mná iad céatadán suntasach dóibh siúd a bhfuil Rabhadh Neamhfhoirmiúil á fháil acu.

| Atreoruchán in 2019 | Iomlán | %⁺ | Fireann | Baineann |
|---|---|---|---|---|
| Atreorúchán amháin | 7,256 | 74% | 68% | 32% |
| 2-3 atreorúchán | 1,691 | 17% | 80% | 20% |
| 4-5 atreorúchán | 408 | 4% | 83% | 17% |
| 6 atreorú nó níos mó | 487 | 5% | 89% | 11% |

*⁺ Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe*

- Níl ach atreorúchán amháin ag 74% de na leanaí atreoraithe agus tá 6 atreorúchán nó níos mó ag 5% in 2019. As measc na ndaoine a atreoraíodh in 2019, is fir iad 68% agus is mná iad 32%. Fir den chuid is mó iad na leanaí ag a bhfuil 6 atreorúchán nó níos mó, agus níl ach 11% mná i gceist anseo.




| | Atreorúchán amháin | 2-3 atreorúchán | 4-5 atreorúchán | 6 atreorúchán nó níos mó | % de réir Aoise⁺ |
|---|---|---|---|---|---|
| 12 bh. | 378 | 61 | 7 | 7 | 5% |
| 13 bl. | 755 | 142 | 29 | 26 | 10% |
| 14 bl. | 1,167 | 228 | 40 | 53 | 15% |
| 15 bl. | 1,496 | 307 | 71 | 91 | 20% |
| 16 bl. | 1,512 | 398 | 109 | 108 | 22% |
| 17 mbl. | 1,937 | 552 | 151 | 202 | 29% |
| 18 mbl. | 4 | 3 | 1 | 0 | 0% |

*Ni áirítear leis seo ach atreorúchán a bhaineann le daoine aonair a cuireadh í gcuntas amhail bheith idir 12 agus 18 d'aois*

*⁺ Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe*

- Baineann céatadán níos mó d'atreorúcháin le leanaí níos sine; is ionann leanaí atá 17 mbliana d'aois nó níos sine agus 29% de na daoine atá atreoraithe, agus is ionann leanaí atá 12 bhliain d'aois agus 5%.

- Tá formhór na gcinntí maidir le Rabhadh Neamhfhoirmiúil nasctha le leanaí ag a raibh 1 atreorúchán in 2019. Bhí 63% de na leanaí a measadh a bhí Mí-oiriúnach chun páirt a ghlacadh sa Chlár atreoraithe 6 huair nó níos mó in 2019.


| | Líon na nAtreorúchán in 2019 | | |
|---|---|---|---|
| Cineál Atreorúcháin | Atreorúchán amháin | 2-5 atreorúchán | 6 atreorú nó níos mó |
| Rabhadh Neamhfhoirmiúil | **71%** | 26% | 3% |
| Rabhadh Foirmiúil | 25% | **49%** | 26% |
| Mí-oiriúnach don Chlár Athstiúrtha | 14% | 23% | **63%** |
| Gan a Thuilleadh Gníomh | **43%** | 28% | 29% |
| Eile | 26% | 30% | 44% |

*⁺ Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe*


## Atreorúcháin de réir an Cheantair ina bhfuil an leanbh ina c(h)ónaí

| Réigiún Óige | 2019 Iomlán | Athrú % 2018 | Rabhadh Neamhfhoirmiúil | Mí-oiriúnach don Chlár Athstiúrtha | Rabhadh Foirmiúil | Gan a Thuilleadh Gníomh | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún BÁC** | **3,127** | **+25%** | **1,660** | **582** | **626** | **36** | **223** |
| RCBÁC Thoir | 322 | +25% | 192 | 49 | 52 | 9 | 20 |
| RCBÁC Thuaidh Láir | 208 | +15% | 92 | 58 | 44 | 0 | 14 |
| RCBÁC Thuaidh | 867 | +33% | 496 | 149 | 177 | 6 | 39 |
| RCBÁC Theas Láir | 183 | +22% | 101 | 38 | 23 | 2 | 19 |
| RCBÁC Theas | 646 | +20% | 330 | 126 | 128 | 7 | 55 |
| RCBÁC Thiar | 901 | +25% | 449 | 162 | 202 | 12 | 76 |
| **Réigiún an Oirthir** | **2,158** | **+7%** | **1,239** | **370** | **421** | **28** | **100** |
| Cill Dara | 359 | +7% | 199 | 86 | 60 | 4 | 10 |
| Cill Chainnigh/Ceatharlach | 277 | -1% | 174 | 44 | 38 | 1 | 20 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 279 | -2% | 154 | 33 | 79 | 3 | 10 |
| An Mhí | 280 | +6% | 172 | 47 | 42 | 5 | 14 |
| Port Láirge | 323 | +17% | 182 | 62 | 63 | 5 | 11 |
| An Iarmhí | 169 | -1% | 94 | 23 | 40 | 4 | 8 |
| Loch Garman | 215 | +8% | 121 | 35 | 43 | 4 | 12 |
| Cill Mhantáin | 256 | +28% | 143 | 40 | 56 | 2 | 15 |
| **Réigiún an Iarthuaiscirt** | **2,049** | **+21%** | **1,215** | **286** | **456** | **28** | **64** |
| An Cabhán/Muineachán | 318 | +15% | 194 | 40 | 77 | 3 | 4 |
| Dún na nGall | 399 | +37% | 211 | 52 | 116 | 6 | 14 |
| Gaillimh | 473 | +1% | 292 | 59 | 106 | 5 | 11 |
| Lú | 306 | +36% | 180 | 44 | 54 | 7 | 21 |
| Maigh Eo | 206 | +41% | 128 | 34 | 37 | 3 | 4 |
| Ros Comáin/An Longfort | 171 | +3% | 103 | 27 | 32 | 2 | 7 |
| Sligeach/Liatroim | 176 | +42% | 107 | 30 | 34 | 2 | 3 |
| **Réigiún an Deiscirt** | **2,359** | **+6%** | **1,411** | **312** | **545** | **24** | **67** |
| An Clár | 206 | -8% | 126 | 18 | 56 | 2 | 4 |
| Cathair Chorcaí | 665 | +16% | 425 | 102 | 118 | 6 | 14 |
| Corcaigh Thuaidh | 308 | -10% | 197 | 36 | 66 | 3 | 6 |
| Corcaigh Thiar | 181 | +12% | 127 | 15 | 38 | 0 | 1 |
| Ciarraí | 270 | +25% | 139 | 33 | 81 | 6 | 11 |
| Luimneach | 427 | -4% | 233 | 62 | 111 | 1 | 20 |
| Tiobraid Árann | 302 | +12% | 164 | 46 | 75 | 6 | 11 |
| *Lasmuigh den dlínse* | *149* | *26%* | *80* | *55* | *8* | *0* | *6* |
| **Olliomlán** | **9,842** | **+15%** | **5,605** | **1,605** | **2,056** | **116** | **460** |

**Leanaí a fuair Rabhaidh Neamhfhoirmiúla/Fhoirmiúla**





- Fuair 7,661 leanbh rabhadh Foirmiúil nó Neamhfhoirmiúil in 2019, méadú 22% i gcomparáid leis an líon iomlán in 2018 – bunaithe ar an atreorúchán is déanaí faighte.
- Is fir iad 69% agus is mná iad 31%.





- Measadh go raibh 78% de na leanaí a fuair rabhadh oiriúnach le páirt a ghlacadh sa Chlár agus fuair 73% díobh Rabhadh Neamhfhoirmiúil agus fuair 27% Rabhadh Foirmiúil - bunaithe ar an atreorúchán is déanaí faighte.

**Leanaí a measadh a bhí mí-oiriúnach don Chlár**





- Measadh go raibh 1,605 leanbh Mí-oiriúnach don Chlár in 2019, méadú 29% i gcomparáid leis an líon iomlán in 2018 - 1,249 bunaithe ar an atreorúchán is déanaí faighte.
- Is fir iad 81% agus is mná iad 19%.




- Bhí céatadán na leanaí a measadh a bhí Mí-oiriúnach don Chlár cothrom le 16% in 2019, céatadán atá níos airde ná an céatadán a taifeadadh in 2018.

## Rabhaidh Aisiríocha




- Tugadh 125 Rabhadh Aisiríoch in 2019, suas ón 72 Rabhadh Aisiríoch a tugadh in 2018, arb ionann é agus méadú de 74%.

## Rabhaidh Aisiríocha de réir an Cheantair

| Réigiún Óige | 2019 | Athrú % | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiún BÁC** | **47** | **+135%** | **20** | **144** | **130** | **237** |
| RCBÁC Thoir | 0 | --- | 0 | 2 | 4 | 19 |
| RCBÁC Thuaidh Láir | 22 | +175% | 8 | 53 | 10 | 8 |
| RCBÁC Thuaidh | 6 | --- | 0 | 48 | 57 | 86 |
| RCBÁC Theas Láir | 0 | --- | 0 | 9 | 6 | 21 |
| RCBÁC Theas | 0 | --- | 0 | 3 | 0 | 27 |
| RCBÁC Thiar | 19 | +58% | 12 | 29 | 53 | 76 |
| **Réigiún an Oirthir** | **8** | **+167%** | **3** | **54** | **168** | **141** |
| Cill Dara | 4 | --- | 0 | 2 | 7 | 16 |
| Cill Chainnigh/Ceatharlach | 0 | --- | 0 | 4 | 0 | 21 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 2 | +100% | 1 | 15 | 65 | 17 |
| An Mhí | 0 | -100% | 1 | 21 | 35 | 19 |
| Port Láirge | 0 | --- | 0 | 1 | 11 | 15 |
| An Iarmhí | 0 | --- | 0 | 6 | 29 | 31 |
| Loch Garman | 2 | +100% | 1 | 7 | 14 | 15 |
| Cill Mhantáin | 0 | --- | 0 | 10 | 7 | 7 |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **45** | **+125%** | **20** | **41** | **179** | **171** |
| An Cabhán/Muineachán | 4 | -60% | 10 | 20 | 28 | 16 |
| Dún na nGall | 9 | +29% | 7 | 31 | 50 | 64 |
| Gaillimh | 18 | --- | 0 | 16 | 9 | 14 |
| Lú | 6 | +200% | 2 | 24 | 64 | 33 |
| Maigh Eo | 0 | --- | 0 | 14 | 22 | 5 |
| Ros Comáin/An Longfort | 5 | +400% | 1 | 2 | 3 | 7 |
| Sligeach/Liatroim | 3 | --- | 0 | 6 | 3 | 32 |
| **Réigiún an Deiscirt** | **25** | **-14%** | **29** | **130** | **184** | **324** |
| An Clár | 2 | --- | 0 | 9 | 24 | 9 |
| Cathair Chorcaí | 7 | -36% | 11 | 33 | 42 | 69 |
| Corcaigh Thuaidh | 3 | --- | 0 | 50 | 45 | 79 |
| Corcaigh Thiar | 4 | --- | 0 | 18 | 19 | 36 |
| Ciarraí | 1 | -92% | 12 | 18 | 19 | 38 |
| Luimneach | 2 | -60% | 5 | 11 | 22 | 38 |
| Tiobraid Árann | 6 | +500% | 1 | 14 | 13 | 55 |
| *Eile* | *0* | --- | *0* | *1* | *6* | *18* |
| **Olliomlán** | **125** | **+74%** | **72** | **477** | **667** | **891** |

## Cineálacha Cionta

| Grúpa Ciona / Saghas an Chiona | 2019 | % den Líon Iomlán | % an Athraithe 2018 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| **Goid agus Cionta Gaolmhara** | **5,749** | **31.0%** | **11%** | **5,169** |
| Goid ó Shiopa | 4,026 | 21.7% | 11% | 3,622 |
| Goid Eile | 511 | 2.8% | 9% | 469 |
| Goid/Feithicil a thógáil gan údarás | 287 | 1.5% | 17% | 245 |
| Goid/Rothar a thógáil gan údarás | 273 | 1.5% | 41% | 193 |
| Goid ó fheithicil | 265 | 1.4% | -11% | 299 |
| Láimhseáil Maoine Goidte | 234 | 1.3% | 19% | 196 |
| Goid ó dhuine | 78 | 0.4% | -26% | 106 |
| Cur isteach ar Mheicníocht Feithicle Inneallghluaiste | 74 | 0.4% | 95% | 38 |
| **Ord Poiblí agus Cionta Cóid Shóisialta eile** | **3,664** | **19.7%** | **5%** | **3,473** |
| Cionta oird phoiblí | 1,949 | 10.5% | 11% | 1,763 |
| Cionta meisce | 773 | 4.2% | -10% | 859 |
| Cionta foghla | 635 | 3.4% | 7% | 594 |
| Gráscar/Círéib/Mí-ord Foréigneach | 151 | 0.8% | 99% | 76 |
| Ceannach nó Ól Alcóil ag Daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois | 123 | 0.7% | -9% | 135 |
| Airgead a bhailiú gan chead | 20 | 0.1% | 0% | 20 |
| Déirc a iarraidh | 11 | 0.1% | -21% | 14 |
| **Díobháil a dhéanamh do Mhaoin agus don Timpeallacht** | **1,496** | **8.1%** | **12%** | **1,335** |
| Damáiste Coiriúil (nach coirloscadh é) | 1,346 | 7.2% | 12% | 1,199 |
| Coirloscadh | 148 | 0.8% | 14% | 130 |
| Cionta bruscair | 2 | 0.0% | -67% | 6 |
| **Iarrachtaí/Bagairt chun Dúnmharú/Ionsaí/Ciapadh** | **1,763** | **9.5%** | **12%** | **1,568** |
| Mionionsaí | 1,078 | 5.8% | 5% | 1,022 |
| Ionsaithe is cúis le díobháil a dhéanamh | 476 | 2.6% | 14% | 416 |
| Ionsaí/Bac/Cur in Aghaidh Gabhála - Oifigeach Síochána | 100 | 0.5% | 59% | 63 |
| Bagairtí/Iarracht chun Dúnmharú | 46 | 0.2% | 64% | 28 |
| Ciapadh | 24 | 0.1% | 20% | 20 |
| **Buirgléireacht agus Cionta Gaolmhara** | **750** | **4.0%** | **2%** | **736** |
| Buirgléireacht (gan í a bheith forthromaithe) | 645 | 3.5% | 1% | 637 |
| Ga bháil earra (le hintinn buirgléireachta, gadaíochta, éilimh) | 97 | 0.5% | 23% | 79 |
| Trom bhuirgléireacht | 8 | 0.0% | -60% | 20 |
| **Cionta Drugaí Rialaithe** | **1,786** | **9.6%** | **26%** | **1,422** |
| Sealbhú drugaí le húsáid phearsanta | 1,368 | 7.4% | 24% | 1,104 |
| Sealbhú drugaí le díol agus soláthar | 341 | 1.8% | 24% | 274 |
| Cosc faoi Acht um Mí-Úsáid Drugaí | 70 | 0.4% | 71% | 41 |
| Saothrú nó táirgeadh Drugaí | 6 | 0.0% | 100% | 3 |
| **Cionta Bóithre agus Tráchta (nach n-aicmítear in áit ar bith eile)** | **794** | **4.3%** | **16%** | **682** |
| Cionta ginearálta bóithre | 430 | 2.3% | 28% | 337 |
| Ceadúnas/Árachas/Cáin | 261 | 1.4% | -5% | 276 |
| Fodhlíthe Ginearálta | 69 | 0.4% | 50% | 46 |

| Grúpa Ciona / Saghas an Chiona | 2019 | % den Líon Iomlán | % an Athraithe 2018 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| **Gníomhartha Contúirteacha nó Faillíocha** | 485 | 2.6% | 7% | 455 |
| Tiomáint chontúirteach/neamhaireach | 315 | 1.7% | 5% | 299 |
| Tiomáint róghasta | 62 | 0.3% | 13% | 55 |
| Cionta tráchta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh | 41 | 0.2% | -18% | 50 |
| Tiomáint/i bhfeighil feithicle thar teorainn dleathach alcóil | 36 | 0.2% | 0% | 36 |
| Tiomáint feithicle/bheith i gceannas ar fheithicil faoi thionchar drugaí | 12 | 0.1% | 500% | 2 |
| **Cionta Arm agus Pléascán** | 492 | 2.6% | 24% | 396 |
| Sealbhú arm ionsaitheach (gan airm thine san áireamh) | 375 | 2.0% | 18% | 319 |
| Cionta atá bainteach le tinte ealaíne (díol, lasadh, srl) | 93 | 0.5% | 90% | 49 |
| Sealbhú arm Tine | 21 | 0.1% | -13% | 24 |
| **Cionta Robála Sracaidh agus Fuadaithe** | 280 | 1.5% | 5% | 267 |
| Robáil ón bPearsa | 219 | 1.2% | -2% | 224 |
| Robáil ó fhoras nó ó institiúid | 46 | 0.2% | 53% | 30 |
| Fuadach cairr, Fuadach / Urghabháil Mhídhleathach Aerárthaigh | 14 | 0.1% | 8% | 13 |
| **Cionta in aghaidh an Rialtais, Nósanna Ceartais agus Eagrú na Coire** | 105 | 0.6% | -31% | 152 |
| Sárú bannaí | 73 | 0.4% | -37% | 116 |
| Glaonna teileafóin núis, ag caitheamh am póilíní | 13 | 0.1% | -19% | 16 |
| **Cionta Gnéasacha** | 447 | 2.4% | -22% | 571 |
| Ionsaí Gnéasach ( Gan a bheith trom) | 227 | 1.2% | -18% | 276 |
| Éigniú Fir nó Mná | 115 | 0.6% | -43% | 203 |
| Pornagrafaíocht Leanaí | 56 | 0.3% | -10% | 62 |
| An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006 | 46 | 0.2% | 77% | 26 |
| **Calaois, Dallamullóg agus Cionta Gaolmhara** | 720 | 3.9% | 226% | 221 |
| **Cionta nach bhfuil rangaithe aon áit eile** | 25 | 0.1% | -11% | 28 |
| **Fuadach agus Cionta Gaolmhara** | 9 | 0.0% | -25% | 12 |
| **Cionta Dúnmharaithe** | 2 | 0.0% | -50% | 4 |
| Dúnmharú/Dúnorgain | 2 | 0.0% | -50% | 4 |
| **Gach cion** | 18,567 | 100.0% | 13% | 16,491 |

** Líon na gCionta Dhaoine Óga taobh le cionta braite i 2019*

*+ Na cionta is coitianta atá liostaithe*

*++ Ní fhéadfaidh 100% iomlán mar gheall ar earráidí slánaithe*

## AGUISÍN B: LÉARSCÁIL DE THIONSCADAIL ATHSTIÚRTHA ÓIGE AR FUD NA TÍRE



AGUISÍN C: LÉARSCÁIL PRÓISIS NA N-ATREORÚCHÁN CHUIG AN GCLÁR ATHSTIÚRTHA

